AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA 1999

**M.24T**

1198

# TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH – IARNÓIN 2.00 GO 5.00

**Ceithre** cheist le freagairt, is é sin Ceist 1, Ceist 5 agus dhá cheist as Roinn B (ceisteanna 2, 3, 4).
Maidir le freagraí a mbíonn plé á éileamh iontu b'fhearr miontrácht a dhéanamh ar thrí nó ceithre chinn de na gnéithe den phríomhthéama ná trácht ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## ROINN A – OBAIR LÉARSCÁILE
**Freagair Ceist 1 UILE**

**1.** Féach ar an sliocht as léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis 1:50 000 agus ar an Eochair a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

**(a)** Feidhmíonn an chuid seo den tSionainn mar chuan foscúil a fhónann do ghníomhaíochtaí éagsúla de chuid an duine. Fírinnigh an ráiteas sin trí leas a bhaint as fianaise ar an léarscáil agus as an bhfianaise sin amháin. **(50 marc)**

**(b)** Mar Thíreolaí, iarradh ort staidéar féidearthachta a dhréachtú faoi dhroichead a thógáil trasna na Sionainne idir Contae an Chláir agus Contae Chiarraí.

Trí leas a bhaint as fianaise ar an léarscáil, agus as an bhfianaise sin amháin, déan cur síos ar na gnéithe dearfacha **agus** ar na gnéithe diúltacha a ghabhann le togra den sórt sin.
Luaigh ionad ar leith don droichead i do fhreagra agus tabhair fírinniú i leith an ionaid a roghnaíonn tú. **(50 marc)**

## ROINN B – TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH, SHÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH
**Freagair dhá Cheist**

**2.** **TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH: Freagair 2(a) nó 2(b) nó 2(c) nó 2(d).**

**(a)** **(i)** Is áit iontach í an Bhoirinn, Contae an Chláir, chun staidéar a dhéanamh ar Shíonchaitheamh Ceimiceach.


Le cabhair léaráidí, déan cur síos ar **thrí** ghné a fhoirmítear le síonchaitheamh ceimiceach os cionn **agus/nó** faoi bhun dhromchla na Boirinne. **(50 marc)**

**(ii)** Is é atá sna séadchomharthaí cloiche **agus** sna plandaí sa Bhoirinn ná oidhreacht shaibhir is fiú a chaomhnú. Pléigh an ráiteas seo. **(50 marc)**

**(b)** **(i)** Tá codarsnacht idir gníomhaíocht oighriúcháin i limistéir talaimh aird agus gníomhaíocht oighriúcháin i limistéir talaimh ísil. Tabhair míniú ar an gcodarsnacht sin. I do fhreagra, déan tagairt do **thrí** ghné tírdhreacha a éiríonn as oighriúchán **(50 marc)**

**(ii)** Mínigh **trí** shlí ina bhfuil leas bainte as torthaí oighriúcháin ag an duine. **(50 marc)**

**(c)** Aithnítear go huilechoiteann gurb ionann athrú aeráide agus ceann de na dúshláin mhóra atá le sárú ag an timpeallacht dhomhanda. Ar an meán, tá méadú idir 0.3°C agus 0.6°C tagtha ar theochtaí domhanda le céad bliain anuas.



**(i)** Déan achoimre ar **thrí** cinn de na dúshláin atá ann, anois agus amach anseo, mar gheall ar athrú aeráide. **(50 marc)**

**(ii)** Ba ábhar mór imní aimsir na hÉireann sa bhliain 1998.

Déan cur síos ar **thrí** cinn de na tionchair dhaonna a d'éirigh as ár bpatrúin athraitheacha aimsire i mblianta deiridh na 1990-idí **(50 marc)**

**(d)** Áirítear Creathanna Talún, Bolcáin agus Tuilte ar na priacail nádúrtha is suntasaí dá bhfuil ann ach bíonn difríochtaí móra eatarthu i dtaca lena n-ionad, lena minicíocht agus lena ndéine.

Roghnaigh **dhá cheann** de na priacail nádúrtha thuas agus tabhair míniú ar an dáileadh a bhaineann leis i dtéarmaí ama agus spáis. I do fhreagra, déan tagairt do shamplaí sonracha a bhfuil staidéar déanta agat orthu. **(100 marc)**

**3. TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA: Freagair 3(a) nó 3(b) nó 3(c) nó 3(d).**

**(a) Aerfótagraf**
**nóta: caithfidh tú an léarscáil agus an fótagraf araon a úsáid i gcuid (iii)**


**(i)** Samhlaigh gur mian le Comhairle Chontae an Chláir eastát beag tithíochta údaráis áitiúil thógáil i gceantar Chill Rois atá le feiceáil san aerfótagraf. Tá an t-údarás áitiúil tar éis iarraidh ortsa mar Thíreolaí an t-ionad is fearr a aimsiú agus fírinniú a thabhairt i leith an ionaid a roghnaíonn tú. Tabhair achoimre ar do chuid moltaí. **(30 marc)**

**(ii)** Tá pleanáil ar úsáid talún i mbaile Chill Rois an-soiléir ón aerfótagraf.

Pléigh an ráiteas sin trí thagairt a dhéanamh **d'aon dá** fheidhm bhaile a bhfuil staidéar déanta agat orthu. **(30 marc)**

**(iii)** Taispeántar baile Chill Rois san aerfótagraf **agus** ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis atá ag gabháil leis an bpáipéar seo. Trí leas a bhaint as an **dá** fhoinse sin, déan cur síos ar **dhá cheann** de na mórcheisteanna tráchta nach foláir aghaidh a thabhairt orthu sa bhaile mór. **(40 marc)**

**(b)** **(i)** Déan staidéar ar an léarscáil de chothú domhanda (1980) anseo thíos agus déan cur síos ar **thrí** mhórphatrún atá soiléir ón dáileadh **(40 marc)**




*Tíreolaíocht chothú an domhain*

**(ii)** Pléigh na héifeachtaí a bhíonn le gorta inniú ar fhorbairt eacnamaíochta agus struchtúr daonra aon tire nó tíortha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi nó orthu. **(60 marc)**

**(c)** Is ionann Cine, Teanga agus Difrochtaí Reiligiúin agus roinnt de na hathraithigh shóisialta gheografacha ar féidir comhlint éirí astu.


Roghnaigh aon **dá cheann** de na hathraithigh sin agus déan measúnacht ar cé chomh mór is a bhí siad ina gcúis le coimhlint i dtír nó i dtíortha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi nó orthu.

**(100 marc)**



**THALL→**

**(d)** Déan staidéar ar an ngraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




**(i)** Le linn na ndeich mbliana seo caite tá laghdú tagtha ar imirce amach i bPoblacht na hÉireann agus tá méadú tagtha ar imirce isteach.
Trí thagairt mhionsonraithe a dhéanamh don ghraf thuas, sainaithin scála na n-athruithe a tharla sna deich mbliana seo thart. Déan achoimre ar **dhá** thoradh a d'éirigh as na hathruithe sin. **(40 marc)**

**(ii)** Meastar, níos mó ná riamh, nach ábhar imní ach gur deis í an imirce as Éirinn. Déan measúnacht ar fhírinne an ráitis sin **(20 marc)**

**(iii)** Iarradh ort, mar Thíreolaí, comhairle a thabhairt do na húdaráis maidir leis an tslí ina bhfreastalófar ar cheist na ndídeanaithe in Éirinn.
Mol beart gearrthéarma **amháin** agus beart fadtéarma **amháin** is ceart a dhéanamh maidir le ceist na ndídeanaithe. **(40 marc)**

**4. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH: Freagair 4(a) nó 4(b) nó 4(c) nó 4(d)**

**(a)** Is mór an difríocht idir na riachtanais ionaid atá ag baint le monarchana móra ríomhaire agus na riachtanais atá ag tionscail níos traidisiúnta iarainn agus cruach. Pléigh an ráiteas sin faoi na ceannteidil seo a leanas.

- Amh-ábhair
- Saothar
- Margaí
- Iompar
- Fuinneamh

**(100 marc)**

**(b)** Déan staidéar ar an tábla thíos ina dtaispeántar na hathruithe ar úsáid fhoinsí fuinnimh an domhain.

***Béim athraitheach ar fhoinsí fuinnimh an domhain:***

| Foinse Fuinnimh | An céatadán den úsáid iomlán | | |
|---|---|---|---|
| | **1950** | **1975** | **2000 (meast.)** |
| Adhmad, Fásra | 21 | 13 | 5 |
| Gual | 44 | 27 | 21 |
| Peitriliam | 25 | 40 | 39 |
| Gás Nádúrtha | 8 | 15 | 15 |
| Foinsí eile (hidrileictreach & núicléach go príomha) | 2 | 5 | 20 |

**(i)** Tabhair míniú ar thábhacht laghdaitheach an ghuail mar fhoinse fuinnimh sa dara leath den chéad seo. **(50 marc)**

**(ii)** Tabhair míniú ar thábhacht mhéadaitheach an pheitriliam agus an gháis nádúrtha idir 1950 agus 2000 A.D. **(50 marc)**

**(c)** Maidir le haon tionscadal tíreolaíochta allamuigh atá déanta agat:

**(i)** Luaigh go soiléir teideal, aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail. **(10 marc)**

**(ii)** Mínigh conas a rinne tú ullmhúcháin don tionscadail. **(20 marc)**

**(iii)** Déan cur síos soiléir ar conas a bhailigh tú eolas le linn an tionscadail. **(30 marc)**

**(iv)** Déan cur síos ar an bpróiseas scríofa a bhí ann tar éis an obair allamuigh a chríochnú. **(10 marc)**

**(v)** Cad iad na nithe ba thábhachtaí a fuair tú amach? **(20 marc)**

**(vi)** Cé na tairbhí a fhuair tú as a bheith páirteach i dtionscadal allamuigh? **(10 marc)**

**(d)** Tá Foraoiseacht agus Iascaireacht an-tábhachtach i réigiúin gheografacha áirithe.

**(i)** Déan achoimre ar na príomh-thairbhí, idir shóisialta agus eacnamaíoch, a bhaineann le foraoiseacht i limistéir talaimh aird a bhfuil staidéar déanta agat orthu. **(50 marc)**

**(ii)** Déan achoimre ar na príomh-thairbhí, idir shóisialta agus eacnamaíoch a bhaineann le hiascaireacht i gcás pobal cósta. **(50 marc)**



**THALL→**

ROINN C

Freagair Ceist 5

5. **TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH: Freagair 5 (a) nó 5(b) nó 5 (c) nó 5 (d).**

**(a)** Is í an turasóireacht an tionscal is mó sa domhan anois. Táthar ag tuar go mbeidh ráta fáis bliantúil idir 3 agus 5 faoin gcéad ann sna deich mbliana atá romhainn.

Trí leas a bhaint as samplaí ó **thrí** thír Eorpacha a bhfuil staidéar déanta agat orthu déan measúnú ar cad a d'fhéadfadh tarlú de thoradh patrúin fáis den sórt sin.

I do fhreagra, déan tagairt do: • Tionchair Eacnamaíocha • Tionchair Thimpeallachta

**(100 marc)**

**(b)** Poblacht na hÉireann, An Bheilg, An Danmhairg, An Eilvéis, an Fhrainc.


Roghnaigh **ceann amháin** de na tíortha thuas agus, le chabhair sracléarscáile, mol roinnt oiriúnach na tíre **in dhá réigiún nó níos mó.**

Déan achoimre ar thréithe gach réigiúin faoi na ceannteidil seo a leanas:

• Gníomhaíochtaí príomhúla • Gníomhaíochtaí tánaisteacha • Gníomhaíochtaí treasacha

**(100 marc)**

**(c)** Déan staidéar ar an léaráid thíos ina dtaispeántar an múnla croíláir-imill d'fhorbairt agus freagair na ceisteanna a leanann é.




**(i)** Trí leas a bhaint as samplaí ó **thrí** thír, <u>seachas</u> Éire, a bhfuil staidéar déanta agat orthu, mínigh conas is féidir an múnla a chur i bhfeidhm in Iarthar na hEorpa. **(75 marc)**

**(ii)** Conas a réitíonn Éire agus a 'geilleagar tíogair cheiltigh' leis an múnla seo? **(25 marc)**

**(d)** **(i)** Mínigh cad a thuigeann tú as an téarma 'réigiún geografach'. **(15 marc)**

**(ii)** Trí thagairt a dhéanamh do shamplaí sonracha, déan measúnú ar cé chomh mór atá Críoch Lochlann **nó** an Ibéir ina réigiún sainiúil geografach. Léirigh do fhreagra le sracléarscáil. **(85 marc)**